Coimisiún na Meán

# Tuarascáil 2025 maidir leis an mBearna Phá idir na hInscí

Dáta foilsithe:
Samhain 2025

# Tábla ábhair


**Réamhrá ón gCoimisiún ........ 3**

**Réamhrá ........ 5**

**Céard í an Bhearna Phá idir na hInscní? ........ 5**

**Comhdhéanamh an Lucht Saothair ........ 5**

Cothromaíocht Inscní ar fud na nGrád ........ 6

**Ár bhFigiúirí um an Bhearna Phá idir na hInscní ........ 7**

An Bhearna Phá don Eagraíocht Iomlán ........ 7

An Bhearna Phá laistigh de Cheathairíleanna ........ 8

- An Cheathairíl Íochtarach ........ 8
- An Cheathairíl Mheánach Íochtarach ........ 8
- An Cheathairíl Mheánach Uachtarach ........ 9
- An Cheathairíl Uachtarach ........ 10

An Bhearna Phá do Bhaill Foirne Pháirtaimseartha agus Lánaimseartha ........ 11

- An Fhoireann Pháirtaimseartha ........ 11
- An Fhoireann Lánaimseartha ........ 12

An Bhearna Phá do Bhaill Foirne Bhuana agus Shealadacha ........ 13

- An Fhoireann Shealadach ........ 13
- An Fhoireann Bhuan ........ 14

**Luach Saothair Bónais agus Sochair Chomhchineáil ........ 15**

**Na Tionchair ar ár mBearna Phá idir na hInscní a Thuiscint ........ 15**

**An Méid a Bhaineamar Amach in 2025 ........ 16**

**Conclúid ........ 18**

6


Coimisiún na Meán

# Réamhrá ón gCoimisiún

Tá áthas orainn an dara Tuarascáil de chuid Choimisiún na Meán maidir leis mBearna Phá idir na hInscní a roinnt leat. Ó thráth ár mbunaithe i mí an Mhárta 2023, tá an comhionannas, an éagsúlacht agus an ionchuimsitheacht (CÉI) i gcroílár ár gcultúir agus ár gcleachtas.

Le bliain anuas, d'fhás ár n-eagraíocht chuig níos mó ná 220 fostaí, rud a sheasann do mhéadú 38% ónár gcéad tuarascáil. Le leathnú chomh tapa sin, trí anailís na bliana seo léirítear lucht saothair atá athraithe go suntasach. De réir mar a fhásaimid, leanaimid de bhearta a dhéanamh d'aon ghnó chun a chinntiú go leanfaidh CÉI de bheith leabaithe go mór inár gcuid beartas, cleachtas agus cultúir.

I mbliana, sheolamar *Athrú*, an chéad Straitéis trí bliana i leith Daoine dár gcuid chun treochlár soiléir a sholáthar chun ár bhfoireann, ár gcultúr agus á mbealaí oibre a fhorbairt. Príomhcholún den straitéis is ea CÉI, rud a léiríonn ár n-uaillmhian chun bheith ina eagraíocht ina mothaíonn an uile dhuine go bhfuil luach orthu, go dtacaítear leo agus go bhfuil siad cumhachtaithe chun bheith rathúil.

Mar chuid de na hiarrachtaí sin, leanamar dár gcuid tionscnamh atá dírithe ar CÉI a neartú. Trínár dTuras Luachanna ilbhliantúil, chomhchruthaíomar sé cinn de bhunluachanna eagraíochtúla leis an bhfoireann agus le ceannairí, agus iad á leabú i gcleachtais earcaíochta, ionduchtaithe, bainistíochta feidhmíochta agus aitheantais. Le linn tréimhse fáis shuntasaigh, choinníomar cleachtais earcaíochta chothroma agus chomhsheasmhacha ar bun, lena n-áirítear agallaimh chaighdeánaithe, painéil inscnebhunaithe, oiliúint claontuairime neamh-chomhfhiosaí agus, le haghaidh róil roghnaithe, earcaíocht chaoch. Chothaíomar ár gcomhpháirtíocht le *The Open Doors Initiative*, agus tacaíocht á tabhairt d'fhostú dírithe ar an éagsúlacht agus naisc le heagraíochtaí a fhreastalaíonn ar phobail imeallaithe. Ina theannta sin, spreagann ár gCoiste CÉI nuabhunaithe tionscnaimh, imeachtaí agus gníomhaíochtaí feasachta comhoibríocha, rud a chinntíonn go leanann ionchuimsitheacht agus muintearas de bheith i gcroílár ár gcultúir. Thugamar isteach beartais freisin chun tacú le sláinte, folláine agus solúbthacht fostaithe, lena n-áirítear Saoire maidir le Foréigean Teaghlaigh, beartais maidir le Sláinte Atáirgthe na mBan agus Cothromaíocht Oibre is Saoil.

Inár dtuarascáil ó 2025 léirítear dul chun cinn spreagúil agus laghdú ar an mbearna phá mheánach idir na hinscní chuig 5.5%. D'aistrigh an bhearna airmheánach chuig 8.4%, rud a léiríonn athruithe i gcomhdhéanamh ár lucht saothair le bliain anuas. De réir mar a leathnaíomar, chuireamar fáilte roimh líon suntasach comhghleacaithe nua i róil chléireachais agus tacaíochta, réimsí ina leantar d'ionadaíocht láidir a dhéanamh do mhná. Leis an athrú sin, imríodh tionchar ar an líon airmheánach, fiú de réir mar a chúngaigh ár mbearna phá mheánach.

Leis na torthaí sin, tarraingítear aird ar an dul chun cinn atá déanta againn agus ar an obair leanúnach is gá chun cothromaíocht níos fearr a bhaint amach ar fud na leibhéal uile den eagraíocht. Leanaimid de bheith tiomanta don mhéid sin a dhéanamh trí dheiseanna earcaíochta, forbartha agus dul chun cinn cothroma lena dtacaítear le comhionannas inscne agus ionchuimsitheacht ag gach céim de ghairm le Coimisiún na Meán.

Maidir leis an gcomhionannas a chur chun cinn ar fud cúrsaí inscne agus gnéithe den éagsúlacht, ní hamháin gur ceist chothroime é sin, neartaítear ár n-eagraíocht leis sin freisin. Trí pheirspictíochtaí difriúla a spreagadh, tacaímid le nuálaíocht, cinnteoireacht níos fearr agus athléimneacht fhadtéarmach. Táimid tiomanta do thrédhearcacht agus d’ionad oibre a thógáil ina bhfuil deis ag na comhghleacaithe uile a bheith faoi bhláth.



L-R: Rónán Ó Domhnaill (Coimisinéir Forbartha na Meán), Niamh Hodnett (Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne), Jeremy Godfrey (Cathaoirleach Feidhmiúcháin), Aoife MacEvilly (Coimisinéir Craolacháin agus Físeáin ar Éileamh), John Evans (Coimisinéir Seirbhísí Digiteacha)

# Réamhrá

Is é Coimisiún na Meán (an Coimisiún) rialtóir meán agus gníomhaireacht forbartha meán na hÉireann a bunaíodh faoi na hAchtanna um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus um Sheirbhísí Digiteacha agus é freagrach as craoltóireacht, físeán ar éileamh agus sábháilteacht ar líne. Ag teacht as Údarás Craolacháin na hÉireann mar a bhí, feidhmímid anois le sainchúram agus lucht saothair atá i bhfad níos leathnaithe ná mar a bhí.

Is é an dáta samplach don tréimhse tuairiscithe seo an 28 Meitheamh 2025, lena gcumhdaítear an 12 mhí ón 29 Meitheamh 2024 go dtí an 28 Meitheamh 2025. Ar an dáta samplach, d'fhostaíomar 220 ball foirne, agus b'fhir 33% díobh agus mná 67% díobh. Déantar fostaithe nach sainaithníonn iad féin mar fhir nó mná a eisiamh ón tacar sonraí sin.

Leis an anailís sin, tairgtear léargas luachmhar ar phróifíl ár lucht saothair agus treorófar na tionscnaimh leanúnacha ar a ndéanaimid cur síos sna rannáin seo a leanas chun cothromas agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn.

# Céard í an Bhearna Phá idir na hInscní?

Leis an mBearna Phá idir na hInscní déantar an difríocht idir tuillimh in aghaidh na huaire ar an meán idir fir agus mná a thomhas ar fud na heagraíochta, arna sloinneadh mar chéatadán de thuillimh na bhfear. Ní chuirtear róil ná gráid dhifriúla daoine san áireamh léi. I gcomhthéacs na hearnála poiblí cosúil lenár gceannsa, mar a bhfuil an pá struchtúrtha de réir ghráid agus scálaí na státseirbhíse, leis an mbearna is éard a léirítear go príomha ná difríochtaí idir dáileadh na bhfear agus na mban ar fud na ról, seachas pá éagothrom le haghaidh obair choibhéiseach.

Sainmhínithe:


- Is ionann an **bhearna phá airmheánach idir na hinscní** agus an difríocht idir na lárphointí i raonta pá na bhfear agus na mban. Tógtar gach tuarastal sa sampla ann, déantar iad a chur i líne ón gceann is ísle go dtí an ceann is airde, agus roghnaítear an tuarastal sa lár.
- Is ionann an **bhearna phá mheánach idir na hinscní** agus an difríocht i meánphá na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire.

# Comhdhéanamh an Lucht Saothair

**Dáta Samplach:** 28 Meitheamh 2025
**An lucht saothair iomlán ar an dáta samplach:** 222
**Inscne:** 67.6% mná, 32.4% fir

Bhí ár lucht saothair iomlán ar an dáta samplach an 28 Meitheamh 2025 cothrom le 222 agus tá sonraí á dtuairisciú againn maidir le 219 fostaí agus úsáid á baint as tréimhse thagartha an 29 Meitheamh 2024 go dtí an 28 Meitheamh 2025. As na 219 bhfostaí sin, b'fhir 71 díobh agus mná 148 díobh. Maidir le baill foirne nach sainaithníonn iad féin mar fhir ná mná, níor áiríodh iad san anailís de réir na dtreoirlínte.

Oibrithe páirtaimseartha a bhí i gceist le 3% dár bhfoireann, agus bhí 6% díobh ar conarthaí ar théarma seasta.





*Fíor 1 Miondealú Inscne den Eagraíocht Iomlán*

## Cothromaíocht Inscní ar fud na nGrád

Is léir, cé is moite de dhá ghrád (Inn. 2 agus an Coimisiún) go bhfuil níos mó fostaithe baineanna ná fireanna ar fud na ngrád uile. Féach Fíor 2 thíos go bhfeicfidh tú conas a chuirtear an chothromaíocht ar fud na ngrád i gcomparáid le cothromaíocht na heagraíochta ar an iomlán. Seasann an líne dhearg san fhíor do chothromaíocht fhoriomlán na bhfostaithe baineanna ar fud na heagraíochta.

Coimisiún na Meán



*Fíor 2 Cothromaíocht Inscne ar fud na nGrád*

# Ár bhFigiúirí um an Bhearna Phá idir na hInscní

## An Bhearna Phá don Eagraíocht Iomlán

- **Bearna Phá Mheánach idir na hInscní:** 5.5%
- **Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní:** 8.4%

| Inscne | Líon | Céatadán | Pá Meánach in aghaidh na hUaire € | Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire € |
|---|---|---|---|---|
| Bean | 148 | 67.58% | 39.02 | 35.62 |
| Fear | 71 | 32.42% | 41.29 | 38.90 |

Lenár gcuid torthaí ó 2025, léirítear bearna phá mheánach de 5.5%, laghdú a gcuirtear fáilte roimhe ó 9.18% na bliana seo caite. Tá an bhearna phá airmheánach cothrom le 8.4%, méadú ó 0% anuraidh. Léirítear leis sin leathnú gasta na heagraíochta agus athruithe ar chomhdhéanamh an lucht saothair, go háirithe cohóirt mhóra fostaithe a earcú i róil ar ghrád níos ísle. Mínítear na tosca sin ar bhealach níos mionsonraithe thíos.


## An Bhearna Phá laistigh de Cheathairíleanna

Seasann gach ceathairíl phá do thart ar 25% dár lucht saothair, arna roinnt i gceithre ghrúpa a rangaítear ó na saothraithe is ísle chuig na saothraithe is airde.

- Íochtarach (an líon 25% de na baill foirne is lú a íoctar) = 54 ball foirne
- Meánach Íochtarach (an chéad líon 25% eile de na baill foirne) = 55 ball foirne
- Meánach Uachtarach (an chéad líon 25% eile de na baill foirne) = 55 ball foirne
- Uachtarach (an líon 25% de na baill foirne is mó a íoctar) = 55 ball foirne

### An Cheathairíl Íochtarach


| Inscne | Líon | Céatadán | Pá Meánach in aghaidh na hUaire € | Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire € |
|---|---|---|---|---|
| Bean | 39 | 72.22% | 22.63 | 20.56 |
| Fear | 15 | 27.78% | 23.94 | 20.56 |




*Fíor 3 Miondealú Inscne sa Cheathairíl is Ísle*

### An Cheathairíl Mheánach Íochtarach

| Inscne | Líon | Céatadán | Pá Meánach in aghaidh na hUaire € | Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire € |
|---|---|---|---|---|
| Bean | 35 | 63.64% | 32.03 | 31.6 |
| Fear | 20 | 36.36% | 31.91 | 31.70 |





*Fíor 4 Miondealú Inscne sa Cheathairíl Mheánach Íochtarach*

## An Cheathairíl Mheánach Uachtarach

| Inscne | Líon | Céatadán | Pá Meánach in aghaidh na hUaire € | Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire € |
|---|---|---|---|---|
| Bean | 38 | 69.09% | 42.72 | 43.68 |
| Fear | 17 | 30.91% | 43.56 | 43.82 |


Coimisiún na Meán



*Fíor 5 Miondealú Inscne sa Cheathairíl Mheánach Uachtarach*

## An Cheathairíl Uachtarach

| Inscne | Líon | Céatadán | Pá Meánach in aghaidh na hUaire € | Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire € |
|---|---|---|---|---|
| Bean | 36 | 65.45% | 59.65 | 57.92 |
| Fear | 19 | 34.55% | 62.84 | 56.86 |




*Fíor 6 Miondealú Inscne sa Cheathairíl Uachtarach*

## An Bhearna Phá do Bhaill Foirne Pháirtaimseartha agus Lánaimseartha

### An Fhoireann Pháirtaimseartha

Tá athrú in ann teacht ar an mbearna nuair a bhreathnaítear uirthi de réir an méid den fhoireann atá ag obair go lánaimseartha nó go páirtaimseartha. Laistigh den Choimisiún, níorbh ann ach do sheacht mball foirne a d'oibrigh uaireanta páirtaimseartha don tréimhse thuairiscithe iomlán nó cuid di, agus tá an miondealú inscne anseo claonta go láidir i dtreo baill foirne bhaineanna, agus gan ach ball foirne fireann amháin i mbun uaireanta laghdaithe.

**An Bhearna Phá Mheánach: -50.57%**
**An Bhearna Phá Airmheánach: -41.83%**





*Fíor 7 Miondealú Inscne don Fhoireann Pháirtaimseartha*

## An Fhoireann Lánaimseartha

| Inscne | Líon | Céatadán | Pá Meánach in aghaidh na hUaire € | Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire € |
|---|---|---|---|---|
| Bean | 142 | 66.98% | 39.11 | 35.62 |
| Fear | 70 | 33.02% | 41.53 | 41.20 |

**An Bhearna Phá Mheánach: 5.84%**
**An Bhearna Phá Airmheánach: 13.54%**

Coimisiún na Meán



*Fíor 8 Miondealú Inscne don Fhoireann Lánaimseartha*


## An Bhearna Phá do Bhaill Foirne Bhuana agus Shealadacha

### An Fhoireann Shealadach

Fostaímid líon beag de bhaill foirne ar conradh ar théarma seasta, agus oibríonn 93.7% dár bhfostaithe ar chonradh buan. Is féidir leis an mbearna a bheith difriúil nuair a bhreathnaítear uirthi trí Stádas Fostaíochta na foirne.

| Inscne | Líon | Céatadán | Pá Meánach in aghaidh na hUaire € | Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire € |
|---|---|---|---|---|
| Bean | 10 | 71.43% | 33.19 | 34.17 |
| Fear | 4 | 28.57% | 30.32 | 30.34 |

**An Bhearna Phá Mheánach: -9.49%**
**An Bhearna Phá Airmheánach: -12.62%**




*Fíor 9 Miondealú Inscne don Fhoireann Shealadach*

## An Fhoireann Bhuan

| Inscne | Líon | Céatadán | Pá Meánach in aghaidh na hUaire € | Pá Airmheánach in aghaidh na hUaire € |
|---|---|---|---|---|
| **Mná** | **138** | **67.32%** | **39.44** | **35.62** |
| **Fir** | **67** | **32.68%** | **41.95** | **38.90** |

**An Bhearna Phá Mheánach: 5.97%**
**An Bhearna Phá Airmheánach: 8.43%**




*Fíor 10 Miondealú Inscne don Fhoireann Bhuan*

# Luach Saothair Bónais agus Sochair Chomhchineáil

Mar eagraíocht de chuid na hearnála poiblí, ní sholáthraíonn an Coimisiún bónais ná sochair chomhchineáil agus ní thuairiscítear aon sonraí faoi na critéir sin.

# Na Tionchair ar ár mBearna Phá idir na hInscní a Thuiscint

Tá ár lucht saothair faoi cheannas na mban thar mar is gnách san earnáil phoiblí níos leithne. Tá níos mó ban ná fear ann ag beagnach gach grád, rud a léiríonn ár rath maidir le tallann na mban a mhealladh agus a choinneáil ar fud na leibhéal uile den eagraíocht, lena n-áirítear ar leibhéal an Choimisiúin.

Is é an phríomhthoisc a imríonn tionchar ar ár mbearna phá idir na hinscní dáileadh na bhfostaithe ar fud na ngrád. Cé go ndéantar ionadaíocht mhaith do na mná i bpoist shinsearacha, tá sciar i bhfad níos mó den fhoireann acu ag na gráid níos luaithe. Ar ndóigh, bíonn tionchar aige sin ar na meánfhigiúirí pá ar an iomlán. Ar an leibhéal is sinsearaí, tá an Coimisiún comhdhéanta de Chathaoirleach fireann agus de cheathrar Coimisinéirí, beirt fhear agus beirt bhan.

I mbliana, laghdaigh an bhearna phá mheánach idir na hinscní chuig 5.5%, rud a léiríonn dul chun cinn dearfach. Mar sin féin, mhéadaigh an bhearna phá airmheánach chuig 8.4%, rud a léiríonn leathnú gasta ár lucht saothair agus próifíle fostaithe nua. Bhí an earcaíocht luath dírithe ar stiúrthóirí sinsearacha agus príomhphoist, agus áiríodh líon níos mó fostaithe i róil ar ghrád níos ísle leis an bhfostú a rinneadh le déanaí, amhail poist an Oifigigh Feidhmiúcháin agus an Oifigigh Cléireachais. Ós rud é go seasann an t-airmheán do lárphointe na dtuarastal uile, trí líon ball foirne suntasach a chur leis na gráid sin, rannchuidítear leis an méadú ar an mbearna phá airmheánach.

Leis na patrúin sin, mínítear ár mbearna phá idir na hinscní a tuairiscíodh i mbliana. Rud atá tábhachtach, tarraingítear aird ar ionadaíocht láidir na mban ar fud na heagraíochta leo freisin, go háirithe ag leibhéal na ceannaireachta, rud a chuidíonn leis an mbearna a laghdú i gcomparáid lena bhféadfaí a bheith ag súil leis seachas sin.

Leanaimid de bheith tiomanta do thacú le hionadaíocht chothrom ar gach leibhéal. Trí *Athrú*, ár Straitéis i leith Daoine, leanaimid de chonairí forbartha gairme a neartú, rochtain chomhionann ar dheiseanna dul chun cinn a chinntiú agus cultúr ionchuimsitheach a thógáil inar féidir le gach duine a bheith faoi bhláth.

## An Méid a Bhaineamar Amach in 2025

**Cleachtais Earcaíochta**

- **Earcaíocht Chothrom:** Le linn tréimhse fáis shuntasaigh, agus níos mó ná 60 ball foirne nua fostaithe, choinníomar cleachtais earcaíochta chothroma agus chomhsheasmhacha ar bun trí agallaimh chaighdeánaithe, painéil inscnebhunaithe agus oiliúint claontuairime neamh-chomhfhiosaí d'agallóirí. I mbliana, thugamar earcaíocht chaoch isteach freisin do róil roghnaithe ina mbaintear sonraí sainaitheantais d'iarratais chun claontacht a laghdú tuilleadh.

- **Fógraí Poist Ionchuimsitheacha:** Leanaimid d'úsáid a bhaint as teanga atá neodrach ó thaobh inscne de agus áirímid ráiteas CÉI sna postálacha uile.

- **Comhpháirtíocht le *The Open Doors Initiative*:** Leanaimid den chomhar le *The Open Doors Initiative* chun tacú lenár gclár CÉI trí fhostú dírithe ar an éagsúlacht, naisc le heagraíochtaí a oibríonn le pobail imeallaithe agus tacaíochtaí praiticiúla atá ailínithe lenár gcuid riachtanas.

- **Moladh um Luach an Fhostaí (EVP):** D'fhorbraíomar EVP ailínithe lenár gcuid luachanna agus straitéisí eagraíochtúla, rud a dearadh chun tallann éagsúil a mhealladh agus a choinneáil.

**Cultúr Solúbtha agus Ionchuimsitheach**

- **Luachanna Eagraíochtúla:** Trínár dTuras Luachanna ilbhliantúil, chomhchruthaíomar sé cinn de bhunluachanna leis an bhfoireann agus le ceannairí agus leabaíomar iad in earcaíocht, ionduchtú, bainistíocht feidhmíochta agus aitheantas, agus cultúr comhsheasmhach agus ionchuimsitheach á gcinntiú le linn tréimhse fáis ghasta.

- **Straitéis i leith Daoine:** Sheolamar *Athrú*, an chéad Straitéis trí bliana i leith Daoine dár gcuid, agus CÉI mar chroícholún ann. Leis sin, cuirtear chun cinn earcaíocht chothrom, dul chun cinn gairme agus obair sholúbtha, agus an comhionannas agus an ionchuimsitheacht á leabú sa chaoi a n-oibríonn agus a bhfásaimid mar eagraíocht.

- **Coiste CÉI:** Seoladh é chun an Straitéis i leith Daoine de chuid Choimisiún na Meán a chur chun cinn agus tugann an Coiste baill foirne le chéile ó gach cuid den eagraíocht chun an comhionannas, an éagsúlacht agus an ionchuimsitheacht a chur chun cinn trí thionscnaimh, imeachtaí agus gníomhaíochtaí feasachta comhoibríocha, rud a chinntíonn go leanann ionchuimsitheacht agus muintearas de bheith i gcroílár ár gcultúir.

- **Obair Sholúbtha:** Leanaimid de fhleisc-uaireanta agus socruithe oibre cumaisc a éascú, agus tacaíocht á tabhairt do riachtanais éagsúla agus cuidiú á thabhairt don fhoireann gealltanais oibre agus phearsanta a chothromú.

- **Clár Ionduchtúcháin:** Rinneamar ár gclár ionduchtúcháin a athshamhlú agus d'athsheolamar é mar 'Laethanta Comhtháthaithe,' a dearadh chun tacú le comhghleacaithe ar bhealach níos fearr de réir mar a shocraíonn siad isteach san eagraíocht. Leanann prionsabail CÉI de bheith ina gcroíchuid den chur chuige athnuaite sin, rud a chinntíonn feasacht agus tiomantas ó fhíorthús thuras an fhostaí.
- **Príomhimeachtaí a Cheiliúradh:** Leanaimid de phríomhimeachtaí a chur chun cinn agus a cheiliúradh, amhail Lá Idirnáisiúnta na mBan nó Seachtain Shláinte na bhFear chun aird a tharraingt ar ár dtiomantas do CÉI.
- **Creidiúnú Infheisteoirí san Éagsúlacht:** Tar éis Creidiúnú Cré-umha Infheisteoirí san Éagsúlacht a bhaint amach, táimid ag obair i dtreo an Chreidiúnaithe Airgid.

**Forbairt Ceannaireachta**

- **Conairí Ceannaireachta:** Soláthraíodh deiseanna oiliúna agus forbartha cothromasacha chun tacú le fás gairmiúil ar fud na heagraíochta. Ar na tionscnaimh áiríodh clár cóitseála saincheaptha do cheannairí sinsearacha agus deiseanna foghlama a dearadh chun ceannaireacht ionchuimsitheach a chothú.

Beartais Ionchuimsitheacha

Lenár gcuid beartas cuirtear cothroime agus solúbthacht chun cinn, agus tacaíocht á tabhairt d'fhostaithe le cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach agus rochtain chomhionann á cinntiú ar dheiseanna forbartha agus gairme. Táimid tiomanta freisin do CÉI a chur chun cinn ar fud earnáil na meán, rud a léiríonn ár luachanna eagraíochtúla agus ár gcuspóir straitéiseach chun tírdhreach meán a chothú lena gcuirtear chun cinn luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta.

- **Ag Tacú leis an tSláinte, leis an bhFolláine agus leis an gCothromaíocht Oibre is Saoil:** Thugamar isteach beartais nua chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do shláinte, folláine agus solúbthacht fostaithe, lena n-áirítear Saoire maidir le Foréigean Teaghlaigh, beartais maidir le Sláinte Atáirgthe na mBan agus Cothromaíocht Oibre is Saoil. Leis na tionscnaimh sin, comhlánaítear ár sochair leanúnacha lena n-áirítear saoire teaghlaigh atá flaithiúil agus dá dtugtar lántacaíocht (26 seachtaine de shaoire mháithreachais ar lántuarastal, naoi seachtaine de shaoire thuismitheoireachta ar lántuarastal, saoire atharthachta dhá sheachtain agus saoire tuismitheora sholúbtha suas le 16 bliana d'aois), amanna tosaigh agus deiridh solúbtha, socruithe oibre cumaisc agus saoire bhreoiteachta ar lántuarastal. I dteannta a chéile, leis na bearta sin cuidítear leis na fostaithe a gcuid gealltanas pearsanta agus gairmiúil a chothromú agus tacú lena bhfolláine ag gach céim den saol.
- **Meas, Ionchuimsitheacht agus Forbairt a Chur Chun Cinn:** Thugamar an Beartas maidir le Dínit san Ionad Oibre cothrom le dáta chun ionad oibre measúil agus ionchuimsitheach a neartú, dá dtugtar tacaíocht le hoiliúint éigeantach agus daoine teagmhála tiomnaithe do threoir rúnda. Leis na feabhsuithe sin, cuirtear lenár dtacaíocht leanúnach do rochtain chothromasach ar dheiseanna foghlama agus forbartha, rud a chothaíonn scileanna éagsúla, fás gairme agus timpeallacht oibre ionchuimsitheach, dhearfach.
- **Ag Troid ar son na hÉagsúlachta agus na hIonchuimsitheachta in Earnáil na Meán:** I gcomhréir lenár Ráiteas Straitéise, cuirimid chun cinn tírdhreach meán lena gcloítear le luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta inarb amhlaidh:
    - A chumasaítear do dhaoine, ina n-éagsúlacht ar fad, a gcuid tuairimí dleathacha a chur in iúl agus a bheith ina ndaoine ar leith agus barántúla i ngach cineál meán.

- Nach bhfuil inneachar lena ngríosaítear fuath nó foréigean bunaithe ar shaintréithe cosanta, nó lena n-úsáidtear teanga atá thar a bheith colúil chun imní a chur ar daoine, chomh forleathan sin.
- Is féidir le daoine rochtain a fháil ar inneachar meán, agus taitneamh a bhaint as, ar inneachar é lena bhfreastalaítear ar a gcuid riachtanas agus ábhar spéise éagsúil.
- Go bhfuil an pobal feasach, mar chruthaitheoirí agus tomhaltóirí inneachair araon, ar an tionchar atá ag fuath, iompar bagrach, eisiamh nó eilearánú ar dhaoine eile, agus ar thábhacht na cúirtéise digití.

# Conclúid

Ag Coimisiún na Meán, táimid bródúil as an dul chun cinn atá déanta againn chun lucht saothair éagsúil agus tréitheach a mhealladh agus a fhorbairt, agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Leanaimid de bheith ag díriú ar dheiseanna cothromasacha, cleachtais chothroma agus beartais ionchuimsitheacha a chinntiú ar fud na heagraíochta. Trí thionscnaimh in earcaíocht, i bhforbairt ceannaireachta agus i dtacaíocht fostaithe, táimid tiomanta d'ionad oibre a chothú inar féidir leis na fostaithe uile a bheith ag fás, a bheith rathúil agus rannchuidiú go hiomlán lenár misean, ag cur lenár gcuid éachtaí de réir mar a leanaimid ag fás.